# Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha

## Achoimre fheidhmeach na réamhthuarascála (Dearcthaí tosaigh i dtaobh cur i bhfeidhm, torthaí agus tionchar)

2022

Tá an obair seo ceadúnaithe faoi Cheadúnas Idirnáisiúnta Sannta Creative Commons Neamhthráchtála-GanDíorthaigh 4.0.

Chun tagairt a dhéanamh don tuarascáil seo: McGarr, O., McCormack, O., O'Reilly, J., Lynch, R., Power, J., Ó Gallchóir, C., McMahon, J., Hennessy, J., Leahy, K., O'Meara, N., Calderon, A., MacPhail, A., Neary, A., Ní Chathasaigh, C., Costello, H. & Goos, M. (2022) *Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach – Staidéar Fadaimseartha: Achoimre fheidhmeach na réamhthuarascála (Dearcthaí tosaigh i dtaobh cur i bhfeidhm, torthaí agus tionchar).* Ollscoil Luimnigh.

# Comhaltaí den fhoireann taighde:

An tOllamh Oliver McGarr, Dr Orla McCormack, Dr John O'Reilly, Dr Ray Lynch, Dr Jason Power, Dr Ciarán Ó Gallchóir, Dr Jennifer McMahon, Dr Jennifer Hennessy, Dr Keelin Leahy, Dr Niamh O'Meara, Dr Antonio Calderon, an tOllamh Ann MacPhail, Dr Aoife Neary, Christine Ní Chathasaigh, Helen Costello & an tOllamh Merrilyn Goos.

Nasc chuig suíomh gréasáin an Tionscadail

# Buíochas

Ba mhaith leis an bhfoireann taighde aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis na scoileanna, na príomhoidí scoile agus na múinteoirí a thóg an t-am le bheith rannpháirteach sa staidéar agus leis na saineolaithe a chuir leis na hagallaimh chognaíocha mar chuid de mhionleasú shuirbhé an mhúinteora. Ba mhaith leis an bhfoireann, freisin, aitheantas agus buíochas a ghabháil le foireann CNCM, le Comhairle CNCM agus leis an mBord don tSraith Shóisearach as a n-aiseolas agus a gcomhairle le linn an tionscadail. Ba mhór leis an bhfoireann, chomh maith, aitheantas a thabhairt d'obair na gcomhairleoirí tionscadail, an Dr Robert Lynch, an Dr Aishling Flaherty, an Dr Jean Conacher, an Dr Rachel Lenihan agus an tOllamh Martin Mills. Ba mhaith leis an bhfoireann aitheantas a thabhairt do Shauna Corcoran agus Laura Farrell (as teagmháil a dhéanamh le scoileanna mar chuid den staidéar) agus do chúnamh Mairead Condon.

# Achoimre Fheidhmeach

Tá an tuarascáil seo ar an gcéad tuarascáil de shraith de thuarascálacha de chuid staidéar fadaimseartha 4 bliana atá fós sa siúl a dhéanann iniúchadh ar chur i bhfeidhm, cur i láthair agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach in iar-bhunscoileanna in Éirinn. Tá sé d'aidhm ag an staidéar pictiúr a fháil de na deiseanna agus na dúshláin a thagann leis an gCreat don tSraith Shóisearach agus a chur ar chumas scoileanna agus múinteoirí a gcuid scéalta féin i dtaca lena dtaithí ar an athrú curaclaim seo a insint. Sa chéad tuarascáil, cuirtear ar fáil roinnt téamaí sealadacha tosaigh a d'eascair as na céimeanna luatha den staidéar fadaimseartha ceithre bliana seo.

Baintear feidhm sa staidéar as dearadh taighde modhanna-measctha ilghnéitheach arb é is aidhm leis dearcthaí múinteoirí, príomhoidí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar an gCreat don tSraith Shóisearach agus ar a chur i bhfeidhm agus a chur i láthair. Baineann Gné 1 le hagallaimh le hionadaithe de chuid forais agus gníomhaireachtaí leasmhara ábhartha. Baineann Gné 2 le hagallaimh ar líne le suas le 100 príomhoide scoile agus iad á reáchtáil le linn an 2ú, an 3ú agus an 4ú bliain den staidéar. Cuimsíonn sé freisin suirbhé múinteora ar líne le suas le 100 scoil a reáchtáladh sa 2ú agus sa 3ú bliain den staidéar. Tarraingíodh na príomhoidí agus na múinteoirí a bhí rannpháirteach sa dara gné den staidéar as sampla randamach srathaithe de 100 scoil lena n-áirítear Meánscoileanna (l=96), Ionaid Ógtheagmhála (l=2) agus Scoileanna Speisialta (l=2). Baineann Gné 3 le cás-staidéir mhionsonracha ar suas le 12 scoil a roghnaíodh as an gcéad sampla de scoileanna i nGné 2.

Tá an tiomsú sonraí ón suirbhé múinteora le haghaidh na chéad chéime de Ghné 2 á dhéanamh faoi láthair. Tarraingíodh na torthaí sa tuarascáil seo as sonraí a tiomsaíodh go dtí an 30ú Eanáir, 2022. Cuimsíonn sé seo suirbhé ar 965 múinteoir as 74 scoil. Tarraingíonn an tuarascáil seo freisin ar agallaimh duine le duine le 28 príomhoide scoile agus ar agallaimh le hionadaithe de chuid 15 ghrúpa leasmhara a d'fhreagair do chuirí le bheith rannpháirteach.

Tá sé tábhachtach a lua gurb ionann na léargais agus na ceisteanna atá le sonrú sa tuarascáil seo agus roinnt dearcthaí tosaigh a tiomsaíodh ag na céimeanna luatha den staidéar seo, staidéar atá fós sa siúl. Éascóidh dearadh fadaimseartha an taighde rannpháirtíocht bhreise le scoláirí, múinteoirí, príomhoidí agus tuismitheoirí sna blianta atá le teacht. Ní mór, dá réir, na torthaí atá le sonraí sa chéad tuarascáil seo a bhreithniú i gcomhthéacs dhearadh foriomlán an staidéir. Is gá iniúchadh breise a dhéanamh ar na téamaí sealadacha seo agus tá sé beartaithe é seo a dhéanamh sna céimeanna eile den staidéar atá fós le teacht. Tá achoimre thíos ar na téamaí sealadacha seo.

Thacaigh múinteoirí, príomhoidí agus páirtithe leasmhara leis an ngá a bhí le clár an Teastais Shóisearaigh a athrú. Thacaigh tromlach na múinteoirí, ní hamháin leis an ngá a bhí leis an athrú, ach leis na hathruithe féin. Bhí Príomhoidí i bhfách freisin leis an ngá a bhí le hathrú curaclaim, agus iad ag déanamh tagairt do cheisteanna a bhain le hoideolaíocht, measúnú, agus folláine an scoláire. Léirigh páirtithe leasmhara, agus iad, arís eile, i bhfách leis an ngá a bhí le hathrú, buarthaí i dtaca le féiniúlacht (nó a heaspa) an Teastais Shóisearaigh agus an gá a bhí le hathrú chun athruithe sa tsochaí a léiriú, go háirithe ó thaobh béim mhéadaithe ar phríomhscileanna de.

D'eascair lárnacht na hoideolaíochta scoláire-láraithe, mar chroí-ghné den athrú curaclaim, ó na hagallaimh le príomhoidí agus ó na hagallaimh le páirtithe leasmhara araon. Bhí tábhacht na bpríomhscileanna soiléir sna suirbhéanna múinteora agus sna hagallaimh le páirtithe leasmhara. Bhí an ionchuimsitheacht lárnach i dtaca le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar an leasú, ach bhí sé de chlaonadh ag príomhoidí díriú níos mó ar athruithe ar an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú mar aon leis an bhfolláine agus b'annamh a rinne siad tagairt don ionchuimsitheacht. De bhreis air sin, tugadh le tuiscint leis na sonraí ón suirbhé múinteora gur lú seans go dtacóidís le sonraíochtaí comhleibhéil.

Tugadh le fios go raibh go leor tosca ann a chuir le seoladh dúshlánach an Chreata don tSraith Shóisearach lena n-áirítear tionchar dálaí eacnamaíocha níos leithne, idirghabháil pholaitiúil i múnla comhpháirtíochta na forbartha curaclaim, straitéis neamhleanúnach cumarsáide ag an tús agus míshásamh na gceardchumann múinteoirí. Cé gur laghdaíodh ar an míshásamh leis na hathruithe trí athruithe idirbheartaithe, d'imir an cur i gcoinne iarmharach ó roinnt múinteoirí tionchar ar an rolladh amach i scoileanna. Ba mhinic a

d'úsáid príomhoidí agus páirtithe leasmhara araon an focal 'aistear' agus iad ag cur síos ar chur i bhfeidhm na n-athruithe. Measadh go mbeadh múinteoirí níos compordaí agus níos muiníní i dtaca leis na hathruithe chomh luath is a bheadh baint acu le timthriall iomlán de na hathruithe.

Tháinig meascán de dhearcthaí chun cinn i dtaca le tabhairt isteach céimnithe an Chreata don tSraith Shóisearach. Ar lámh amháin, chonacthas do roinnt daoine go raibh an sceideal forfheidhmithe á chéimniú isteach, rud a lig do mhúinteoirí a raibh níos mó taithí acu meantóireacht a dhéanamh ar chomhghleacaithe. Ar an lámh eile, chonacthas do dhaoine eile gur chuir sé seo moill ar gach múinteoir taithí a fháil ar iomlán na n-athruithe, rud a raibh sé d'fhéidearthacht aige an mearbhall agus na míthuiscintí a bhí ann i measc roinnt múinteoirí a shíneadh amach. Ba dhúshlán í an chumarsáid i dtaca leis an leasú, i luathlaethanta an leasaithe. Cuireadh síos don chaoi ar cuireadh an t-athrú in iúl do thuismitheoirí, go háirithe, gur ábhar buartha a bhí ann.

Tuairiscíodh go raibh an fhorbairt ghairmiúil a cuireadh ar fáil chun tacú le rolladh amach an Chreata don tSraith Shóisearach ar an bpríomhchumasóir don athrú ar fud na dtacar sonraí agus féachadh air mar rud dearfach. Chonacthas, leis an múnla nuálach trínar soláthraíodh í, mar ar úsáideadh múinteoirí atá fós ag cleachtadh a gceirde agus inar díríodh ar cheisteanna a bhaineann le hábhair faoi leith agus ar cheisteanna uile-scoile araon, go rabhthas ag tacú le múinteoirí agus le scoileanna agus ag cur go dearfach le cur i bhfeidhm na n-athruithe. Aithníodh freisin go raibh roinnt fadhbanna ann le linn na gcéimeanna tosaigh de sholáthar na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí sular rabhthas in ann í a leabú agus a bhunú go rathúil.

Thug múinteoirí faoi deara a mhéad agus a bhí siad i dteagmháil agus a chuaigh siad i gcomhairle le comhghleacaithe chun tacú leo agus an tSraith Shóisearach á cur i láthair acu, mar aon lena thábhachtaí a bhí sé seo. Tugadh ualach oibre méadaithe don mhúinteoir faoi deara, cé gurb amhlaidh, áfach, gur léirigh múinteoirí leibhéal ard sásaimh as a bpost, freisin. Braitheadh cúrsaí ama ina gcroí-bhacainn roimh an athrú. Bhain sé seo le múinteoirí an t-am a aimsiú chun gnéithe den Chreat a chur i láthair ina gcuid ceachtanna mar aon le dúshláin clár ama do phríomhoidí mar gheall ar laghdú ar líon na ranganna i roinnt ábhar agus an gá le huaireanta an chloig a chur ar leataobh don fholláine.

Tugann na torthaí ag an gcéim thosaigh seo den staidéar le tuiscint gur chosúil go ndeachaigh an Creat don tSraith Shóisearach i bhfeidhm ar mhúinteoirí agus ar an scoláire ar roinnt bealaí. Is cosúil go bhfuil forbairt tar éis teacht ar an gcomhoibriú idir múinteoirí, ar chomhráite gairmiúla agus ar an teanga atá sealbhaithe ag múinteoirí chun labhairt ar an bhfoghlaim ó tugadh isteach an Creat. Dealraíonn sé freisin go bhfuil cleachtais múinteoirí sa seomra ranga tar éis aistriú chun foghlaim níos scoláire-láraithe a éascú. Creideann an dream a bhí rannpháirteach sa taighde go dtí seo go bhfuil guth níos mó ag an scoláire ina bhfoghlaim féin agus feasacht níos mó acu uirthi. Cuireadh síos do chaidrimh idir scoláirí agus múinteoirí freisin go bhfuil siad tar éis feabhsú.

I dtaca le tionchar, tugadh dhá phríomhábhar imní faoi deara. Ar an gcéad dul síos, tuairiscíodh go raibh mí-ailíniú ann idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach, agus go leor agallaithe ag iarraidh go leanfaí de na cineálacha foghlama a bhfaightear taithí orthu sa tSraith Shóisearach isteach sa tSraith Shinsearach. Ar an dara dul síos, cé gur measadh go bhfoghlaimíonn an scoláire ó MRBanna, tugadh faoi deara gur cosúil nach bhfuarthas an cineál taithí a bhí beartaithe leo ó na MRBanna. Is é an taithí a fhaigheann go leor daoine i láthair na huaire ar MRBanna gur ionstraim shuntasach measúnaithe agus údar struis is ea iad, rud a spreagann imní i measc scoláirí (agus múinteoirí). Tugadh faoi deara freisin gur braitheadh an t-ualú atá ag baint le MRBanna a bheith íseal i gcomparáid leis an ualach oibre a bhaineann leo.

D’imir srianta Covid19 tionchar díobhálach ar an gcomhoibriú idir scoláirí, ar idirghníomhú scoláire-múinteora agus ar réimse na gcur chuige a úsáideadh i leith an teagaisc agus na foghlama. B’údar imní do roinnt daoine nach raibh scrúdú stáit ann agus tuairiscí ann gur spreag sé seo laghdú ar spreagadh agus ar rannpháirtíocht an scoláire. Bhí roinnt príomhoidí scoile/múinteoirí buartha faoi thionchar dhúnadh na scoileanna ar chohóirt áirithe scoláirí.

Is dócha go gcuirfidh na cás-staidéir scoile a bheidh ag teacht aníos idir dhoimhne agus leithead leis na léargais a bhfuiltear tar éis tuairisciú orthu ag an gcéim seo. De bhreis air sin, is dócha go soláthrófar, leis na sonraí ó na céimeanna todhchaí den staidéar fadaimseartha seo, níos mó soiléire i dtaca leis na torthaí sealadacha atá le sonrú anseo agus go nochtfar dearcthaí agus ceisteanna eile nach raibh aon tuairisc orthu roimhe seo.